Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9127/19**

**AUDIO 75**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8806/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cúrsaíocht trasteorann saothar closamhairc Eorpach a fheabhsú, go mór mór comhléirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cúrsaíocht trasteorann saothar closamhairc Eorpach a fheabhsú, go mór mór comhléirithe, arna nglacadh ag an gComhairle (an Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt), ag an gcruinniú a bhí aici ar an 23 Bealtaine 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cúrsaíocht trasteorann saothar closamhairc Eorpach a fheabhsú, go mór mór comhléirithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI

an cúlra polaitiúil, mar atá bunaithe in Iarscríbhinn I[1] a ghabhann leis na conclúidí seo, agus go háirithe an Plean Oibre don Chultúr 2019-2022 a glacadh ar an 27 Samhain 2018,

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Is mór an tsócmhainn ag earnáil chlosamhairc na hEorpa éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch na hEorpa. Ach lánbhuntáiste a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha ar líne, tig le hábhair closamhairc teorainneacha geografacha agus teangeolaíocha a shárú, an éagsúlacht chultúrtha agus luachanna comhchoiteanna Eorpacha a chur chun cinn, agus meon a chruthú a thugann le fios go mbaineann cách leis an spás cultúrtha céanna, agus go dtig le hearnáil closamhairc na hEorpa a bheith iomaíoch.

2. I dtaca le saothair chlosamhairc, go háirithe scannáin, sraitheanna agus cláir shrathacha a eisítear sna pictiúrlanna agus ar na seirbhísí meán closamhairc, is scáthán iad ar shaibhreas agus ar éagsúlacht na gcultúr Eorpach, cuid dár n-oidhreacht nach mór do na glúine amach romhainn a chur chun cinn agus a chaomhnú do na glúine céanna sin.

[1] Liostaítear in Iarscríbhinn I gach doiciméad ábhartha a bhaineann leis na saincheisteanna atá faoi thrácht (gníomhartha reachtacha, conclúidí ón gComhairle, teachtaireachtaí ón gCoimisiún Eorpach etc.).

3. A bhuí leis na forbairtí digiteacha atá tagtha sa saol, is féidir pictiúrlanna agus seirbhísí closamhairc líneacha agus neamhlíneacha a bheith ann le taobh a chéile, rud a d'fhág tionchar dá réir ar nósmhaireachtaí agus ar mhianta an lucht féachana[2]. Mar sin féin, is iad na pictiúrlanna fós an áit is mó a dtaispeántar príomhscannáin[3].

4. Táthar tar éis bearta tábhachtacha a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach chun dul i ngleic leis an bpíoráideacht chlosamhairc ar líne ach ní mór tuilleadh a dhéanamh chun an geilleagar cruthaitheach a neartú sa ré dhigiteach, chun a éagsúlacht chruthaitheach a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ag daoine san Eoraip féin agus lasmuigh di ar an saothar sin.

5. Ar bhonn ginearálta, is iad na bearta maoiniúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le cothú agus margaíocht, lena n-áirítear an chéim forbartha trí bhíthin meáin dhigiteacha éagsúla, maille le scannáin a thaispeáint ag féilte etc., is iad sin a chuireann brí i gcúrsaíocht na saothar closamhairc. Bíonn ról tábhachtach ag an gcreat dlíthiúil closamhairc Eorpach, go háirithe ag Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, chun a áirithiú go mbíonn feiceáil ar léirithe closamhairc Eorpacha i dtíortha an Aontais.

---

2 De réir na Faireachlainne Eorpaí Closamhairc, ba é 20 % an meánsciar a bhí ag scannáin de chuid an Aontais in 2017 i 37 de chatalóga náisiúnta na síntiús físeán-ar-éileamh (SVOD). Ar an meán, is comhléirithe 22 % de na scannáin a dhéantar gach bliain san Aontas; 24 % i gcatalóg Flimmit, agus 53 % sna catalóga ag Horizon/UPC Prime. Sna 27 gcatalóg ag Netflix, ba chomhléirithe, ar an meán, 36 % de na scannáin.
Maidir leis na scannáin a léiríodh agus a eisíodh i bpictiúrlanna an Aontais idir 2005 agus 2014, ba de bhunadh an Aontais 64 % díobh, de bhunadh na Stát Aontaithe 16 % díobh, de bhunadh idirnáisiúnta 15 % díobh, agus as áit éigin eile san Eoraip 4 % díobh. Tromlach na scannán neamhnáisiúnta de bhunadh an Aontais atá sna catalóga sin, is comhléirithe neamhnáisiúnta as an Aontas iad.

3 Ní raibh ach 47 % de na scannáin Eorpacha a eisíodh sna pictiúrlanna sa tréimhse chéanna sin ar fáil ar cheann amháin, ar a laghad, de na seirbhísí físeán ar éileamh (VOD). Ba scannáin Eorpacha thart ar 25 % de na scannáin a bhí ar fáil ar na hardáin VOD.
Féach staidéir 1 agus 4 de chuid na Faireachlainne Eorpaí Closamhairc, a liostaítear in Iarscríbhinn II.

6. Léirítear sna staidéir[4] a rinne an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc gur comhléirithe Eorpacha sciar mór de na scannáin a dhéantar san Aontas, agus luaitear na buntáistí a bhaineann le comhléiriú, i.e. gur féidir teacht ar lucht féachana agus ar mhargadh níos mó ná mar a tharlaíonn i gcás scannáin náisiúnta[5] agus go mbíonn níos mó foinsí maoiniúcháin ar fáil, lena n-áirítear maoiniú poiblí[6]. Ina theannta sin, is as an gcomhar cruthaitheach, airgeadais, agus praiticiúil a eascraíonn comhléirithe, bunaithe ar chomhroinnt saineolais. Is ionann iad agus droichead ó limistéar agus ó chomhthéacs geografach agus teangeolaíoch amháin go limistéar agus comhthéacs geografach agus teangeolaíoch eile agus bíonn dea-thionchar acu ar na comhpháirtithe comhléiriúcháin, idir mhór-chomhpháirtithe agus mhion-chomhpháirtithe, agus ar an earnáil chlosamhairc trí chéile.

7. Cur chuige comhleanúnach i leith na bpolasaithe atá sa réimse seo a theastaíonn má táthar le cúrsaíocht trasteorann saothar closamhairc trí bhíthin ardán agus catalóg a fheabhsú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí nua amhail an intleacht shaorga.

---

4 Féach staidéir 1-3 in Iarscríbhinn II.

5 Ba chomhléirithe 24 % den táirgeadh iomlán san Eoraip idir 2005 agus 2014, ach b'ionann agus 50.3 % líon na n-iontrálacha domhanda chuig comhléirithe as líon iomlán na n-iontrálacha chuig scannáin Eorpacha (56.9 % i gcás scannáin as an Aontas), figiúr atá beagán os cionn líon na n-iontrálacha chuig scannáin náisiúnta. Ar an meán, is airde de thrí oiread líon na n-iontrálacha chuig comhléirithe Eorpacha ná líon na n-iontrálacha chuig scannáin náisiúnta.

6 Féach staidéar 4 in Iarscríbhinn II.

8. Má táthar le hugach a thabhairt chun go mbeifear ag cruthú agus ag léiriú ar ardchaighdeán san earnáil chlosamhairc, teastaíonn creat rialála feidhmoiriúnach mar aon le comhlántacht idir na foinsí éagsúla maoiniúcháin, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: sainiúlachtaí na margaí closamhairc gona n-acmhainneachtaí, na polasaithe agus bearta reatha tacaíochta ar an leibhéal náisiúnta, agus sainiúlachtaí na sásraí maoiniúcháin agus ceadúnúcháin a bhaineann le saothair chlosamhairc áirithe, ar minic iad bunaithe ar cheadúnú eisiach críochach. Is é is minice a tharlaíonn gurb iad na cistí scannánaíochta náisiúnta, trí bhíthin scéimeanna tacaíochta éagsúla, cineálacha éagsúla deontais, iasachtaí, dreasachtaí fioscacha agus sásraí maoiniúcháin Eorpacha do thograí iltaobhacha – amhail an fochlár MEDIA agus Eurimages – a chuireann ar fáil don earnáil chlosamhairc na hacmhainní is práinní a theastaíonn uaithi dá cuid tograí. Fad is atá uirlisí nua maoiniúcháin á dtástáil agus á bhforbairt, is den riachtanas fós, maidir le maoiniú na scannán Eorpach, réamhdhíol na scannán le craoltóirí poiblí agus príobháideacha, maille le hinfheistíocht uathu sin, agus le dáileoirí as tíortha difriúla[7]. Ón leibhéal réigiúnach go dtí an leibhéal Eorpach, tá ag méadú ar na deiseanna maoiniúcháin a bhíonn ar fáil as na cistí poiblí, lena n-airítear dreasachtaí agus scéimeanna comhléiriúcháin do mhion-chomhpháirtithe.

9. Is de thréithe na hearnála closamhairc Eorpaí a cuid sainiúlachtaí geografacha agus/nó teangeolaíocha, rud ar féidir leis a bheith ina chúis le hilroinnt an mhargaidh. D'fhonn an scéal sin a leigheas, féach gur féidir le comhléirithe an chúrsaíocht idirnáisiúnta a bhíonn ag saothair chlosamhairc a neartú, agus rannchuidiú le feabhas a chur ar na cumais léirithe agus dáilte sna Ballstáit agus le hiomaíochas agus infheictheacht léirithe closamhairc náisiúnta a fheabhsú.

10. Maidir le comhléirithe a bheith le feiceáil ag féilte scannán, d'fhéadfadh a leithéid a bheith ina shiocair go mbeadh feiceáil ar shaothair ardchaighdeáin agus cur lena gcúrsaíocht. Bíonn ról tábhachtach ag féilte scannán i gcothú an chomhair (e.g. comhroinnt acmhainní agus saineolais) idir gníomhaithe éagsúla an luachshlabhra.

---

[7] De réir sampla a bunaíodh ar 445 phríomhscannán Eorpacha, is fiú 41 % de mhéid an mhaoiniúcháin charnaigh an réamhdhíol le craoltóirí agus le dáileoirí i gcríocha éagsúla. Féach staidéar 5 in Iarscríbhinn II.

ÓS AMHLAIDH ATÁ, CUIRTEAR CHUN SUNTAIS:

11. Faoi chuimsiú an Phlean Oibre don Chultúr 2015-2018, cuireadh ar bun sainghrúpa maidir le cúrsaíocht na scannán Eorpach, bunaithe ar an modh oscailte comhordúcháin (MOC). Mhol an sainghrúpa go dtabharfaí níos mó ugaigh i dtaca le hinfheistíocht i gcomhléirithe trína ndreasachtú sna creataí náisiúnta dlíthiúla agus sna scéimeanna tacaíochta closamhairc, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do chistí comhléiriúcháin nó comhfhorbartha. Moladh freisin go dtabharfaí ugach do chomhpháirtithe éagsúla as réimse leathan de na Ballstáit chun comhléirithe a dhéanamh.

12. Faoi chuimsiú an Phlean Oibre don Chultúr 2019-2022, díreoidh sainghrúpa MOC nua ar chomhléirithe san earnáil chlosamhairc. Tá an grúpa ceaptha cur lena bhfuil déanta ag an sainghrúpa MOC maidir le cúrsaíocht na scannán Eorpach, agus táthar ag súil go measúnóidh sé ach go háirithe saincheist seo na gcomhléirithe, lena n-áirítear comhléirithe le tíortha atá lasmuigh den Aontas, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle ina mbeidh moltaí nithiúla.

13. I bhfianaise a luaitear thuas, ní mór díriú, de réir na n-acmhainní reatha, ar dhá phríomhthreo gníomhaíochta:

A. BEARTA DÍREACHA A SPREAGFAIDH COMHLÉIRITHE

CUIREANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AN MÉID SEO A LEANAS I dTREIS:

14. Bíonn sochar le baint ag na comhpháirtithe comhléiriúcháin, idir mhór-chomhpháirtithe agus mhion-chomhpháirtithe, as na deiseanna a eascraíonn as an gcomhar, amhail maoiniú, saoráidí teicniúla, saineolas agus eolas, ardluachanna léiriúcháin agus an chúrsaíocht fheabhsaithe a ghabhann leis an gcomhléiriú.

15. Is mór mar a rannchuidíonn na cistí, na hinstitiúidí, agus na gníomhaireachtaí náisiúnta scannán le comhléirithe a fhorbairt agus a mhargú san Eoraip – go minic mar chomhaontuithe comhléiriúcháin – trí thacú leo ag gach céim (forbairt, léiriú agus dáileadh).

16. Tá scéimeanna maoiniúcháin agus gníomhaíochtaí go leor san fhochlár MEDIA 2014-2020 lena gcothaítear comhléirithe Eorpacha agus lena dtacaítear leo. Ar an tacaíocht a thugann sé go díreach do chomhléirithe, tá riaradh na gcistí idirnáisiúnta do chomhléirithe, gníomhaíochtaí sonracha faoin scéim forbartha (maoiniú singil agus maoiniú scláta) agus scéim na gclár teilifíse, mar aon le tacaíocht do straitéisí aonair a fheabhsaíonn cúrsaíocht na saothar a mhaoinítear.

17. Cé go dtugtar rochtain ar chórais tacaíochta agus maoiniúcháin náisiúnta faoi na conarthaí nó comhaontuithe déthaobhacha comhléiriúcháin, tá creat cuimsitheach dlíthiúil mar aon le caighdeáin i gcomhair comhléirithe iltaobhacha agus i gcomhair comhléirithe idir páirtithe nár thug faoi chonradh déthaobhach fós le fáil i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Comhléirithe Cineamatagrafaíocha (1992, arna athbhreithniú in 2017).

18. Is uirlis thábhachtach é Eurimages, ciste tacaíochta cultúrtha Chomhairle na hEorpa, a chuireann maoiniú ar fáil do chomhléirithe agus atá ábhartha ó thaobh scannáin fhada, beochaintí, agus cláir faisnéise a dháileadh agus a thaispeáint.

19. I gcásanna áirithe, nuair is tíortha a bhí gar dá chéile go geografach agus/nó go cultúrtha a bhí i gceist, chuir sin feabhas ar an gcomhar struchtúrtha ó thús deireadh an luachshlabhra.

20. I dtaca le comhléirithe Eorpacha agus idirnáisiúnta, arna maoiniú ag na cistí réigiúnacha, náisiúnta, agus Eorpacha thuasluaite níos minice ná a mhalairt, tá sé léirithe ag a leithéidí go bhfuil acu an poitéinseal chun an chúrsaíocht a fheabhsú. Ina theannta sin, is minic na duaiseanna agus na gradaim dhomhanda is mó le rá bronnta orthu.

21. Tá ag méadú i gcaitheamh an ama ar an leas a bhaineann léiritheoirí as na deiseanna nua a ghabhann leis an timpeallacht dhigiteach tráth a mbíonn comhléirithe idirnáisiúnta á leagan amach agus á gcur i gcrích acu.

22. Ó tharla ceanglais riaracháin éagsúla a bheith ann i measc na gcomhlachtaí maoiniúcháin phoiblí agus rialacha difriúla a bheith ann ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta, agus Eorpach, is minic sin ina dhúshlán ón taobh teicniúil, cruthaitheach agus airgeadais de.

23. Cé nach gcuimsítear faoi raon na gconclúidí seo ach comhléirithe idir tíortha san Eoraip, is den tábhacht béim a leagan ar an tsuim mhéadaitheach atá ag teacht ag earnáil chlosamhairc na hEorpa i gcomhléirithe le cuid de na croí-thíortha lasmuigh den Eoraip. Ní hé amháin go mbíonn daoine fíorchumasacha ó gach cearn den domhan páirteach ach is an-deis go deo é chun cúrsaíocht idirnáisiúnta na saothar comhléirithe Eorpacha a mhéadú.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSE INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

24. spreagadh a thabhairt anois agus feasta do chomhléirithe Eorpacha idir tíortha ag a bhfuil acmhainneachtaí éagsúla closamhairc agus/nó idir tíortha nach bhfuil acu ach limistéar teangeolaíoch nó geografach teoranta, agus spreagadh maidir le cúrsaíocht agus infheictheacht na saothar sin;

25. treise a chur lena ndua chun an dea-chleachtas a chomhroinnt agus teacht ar réitigh maidir le simpliú riaracháin, comhleanúnachas agus trédhearcacht na rialacha a bhaineann le cistí poiblí éagsúla, lena n-áirítear trí bhíthin na dteicneolaíochtaí digiteacha, d'fhonn comhléirithe Eorpacha a éascú a thuilleadh;

26. a chur san áireamh gur féidir cúrsaíocht, cothú, agus taispeánadh scannán a fheabhsú tráth a mbíonn a gcuid scéimeanna tacaíochta á ndearadh, agus a marana a dhéanamh maidir lena gcuid scéimeanna maoiniúcháin poiblí a mheasúnú i bhfianaise na gcuspóirí soiléire a bhaineann leis an gcáilíocht a bhíonn ag saothair chómhaoinithe maille lena bpoitéinseal dul i gcúrsaíocht laistigh den Aontas;

27. ugach a thabhairt do gach rannchuidí, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse ar líne, sonraí faoin lucht éisteachta a chomhroinnt leis na húdaráis phoiblí agus le sealbhóirí cirt, agus na sonraí sin a úsáid chun eolas agus tuiscint níos fearr a fháil ar an lucht féachana chun gur féidir na scéimeanna tacaíochta a choigeartú dá réir.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT:

28. a marana a dhéanamh maidir le scéimeanna tacaíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear scéimeanna do mhion-chomhléirithe, d'fhonn cur le maoiniú príobháideach agus le hionstraimí maoiniúcháin Eorpacha, chun spreagadh a thabhairt maidir le saothair Eorpacha a léiriú agus a chur chun cinn ar gach ardán;

29. tacú a thuilleadh leis na cistí réigiúnacha agus náisiúnta ina gcroí-cháil mar éascaitheoirí ar chomhléirithe, agus a áirithiú go mbeidh ann, nuair is féidir, comhlántacht leis na bearta tacaíochta;

30. úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus an próiseas conarthach agus maoiniúcháin a dhigitiú d'fhonn cúrsaí rochtana a shimpliú, á áirithiú go mbaintear úsáid níos éifeachtúla agus níos trédhearcaí as airgead poiblí, agus líon na gceisteanna dlí a eascraíonn as comhléirithe a laghdú;

31. aird a tharraingt ar an ról a bhíonn ag léiritheoirí neamhspleácha sa phróiseas comhléiriúcháin.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN SEO AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

32. féachaint ar bhealaí eile chun deiseanna maoiniúcháin a fhorbairt, a chur chun cinn, agus a éascú a thuilleadh do chomhléirithe faoi chuimsiú an fhochláir MEDIA;

33. bearta a chur chun cinn chun gur fearrde an infheictheacht agus an chúrsaíocht a bheidh ag saothair chlosamhairc Eorpacha, agus chun a áirithiú, san am céanna, go mbeidh ann cothroime iomaíochta a chuireann san áireamh sainiúlachtaí geografacha agus teangeolaíocha na mBallstát i dtaca le léiriú, dáileadh agus líon an lucht féachana acu;

34. féachaint ar fhéidearthachtaí maidir le hinfheictheacht na gcomhpháirtithe comhléiriúcháin go léir a mhéadú, idir mhór-chomhpháirtithe agus mhion-chomhpháirtithe, i dtaca le saothair a dtacaíonn an fochlár MEDIA leo;

35. i gcomhar leis an bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc, measúnú a chur i láthair ar chomhléirithe san Eoraip, lena n-áirítear fardal ina mbeidh liosta deiseanna rochtana ar an margadh do chomhléirithe, agus moltaí maidir leis an gcomhar eatarthu a fheabhsú;

36. an comhar, an t-idirphlé struchtúrtha beartais, agus malartú an dea-chleachtais le comhlachtaí ábhartha réigiúnacha agus náisiúnta a neartú, leis na gníomhaireachtaí scannán Eorpacha, Stiúrthóirí na Gníomhaireachta Eorpaí Scannán (EFAD), chomh maith le Comhairle na hEorpa, go háirithe Eurimages agus an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc, agus scrúdú a dhéanamh ar shineirgí féideartha agus deiseanna comhair agus na Ballstáit a chur ar an eolas i dtaobh thoradh na malartuithe sin;

37. scrúdú a dhéanamh ar roghanna chun tacú le tionscnaimh amhail saotharlanna cruthaitheacha nó seomraí scríbhneoireachta, ina bhféadfaidh léiritheoirí, scríbhneoirí agus stiúrthóirí comhléirithe a fhorbairt i dteannta a chéile;

B. TACÚ LE hÉICEACHÓRAS INBHUANAITHE DO CHOMHLÉIRITHE

CUIREANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AN MÉID SEO A LEANAS I dTREIS:

38. Is féidir tuilleadh a bhaint as an bpoitéinseal atá ag comhléirithe Eorpacha ach tacú le héiceachóras a spreagann agus a chothaíonn saothair chomhléirithe ó thús deireadh an luachshlabhra. Áirítear air sin bearta a chur chun feidhme chun tacú go hindíreach le comhléirithe ach éascú a dhéanamh freisin ag céim na scriptscríbhneoireachta agus na forbartha, agus chun tacú le dáileadh agus rochtain na saothar comhléirithe sin tar éis a n-eisiúna.

39. Mar a mhol an sainghrúpa MOC maidir le cúrsaíocht ghinearálta na scannán Eorpach, má táthar leis an gcúrsaíocht a mhéadú, ní mór gníomhú i réimsí amhail cur chun cinn, pictiúrlanna, féilte, físeán-ar-éileamh (VOD), sonraí maidir le lucht féachana, scéimeanna tacaíochta, comhar beartais, rochtain ar mhaoiniú, agus faireachán ar thorthaí an mhaoiniúcháin phoiblí;

40. Is ceart trédhearcacht a áirithiú i dtaca leis an gcúnamh airgeadais a chuirtear ar fáil do chomhléirithe. Go háirithe, faisnéis faoi mhaoiniú poiblí díreach agus indíreach a fuair tionscnaimh chomhléirithe as foinsí difriúla – idir fho-náisiúnta, náisiúnta nó Eorpacha – is ceart an fhaisnéis sin a bheith ar fáil do na comhlachtaí maoiniúcháin poiblí.

41. Faoi chuimsiú an fhochláir MEDIA, bearta indíreacha chun comhléirithe a spreagadh lena n-áirítear oiliúint, rochtain ar na margaí, agus gníomhaíochtaí líonraithe idirnáisiúnta chun an acmhainn maidir leis an gcomhar trasteorann a mhéadú.

42. Céimeanna lárnacha is ea an dáileadh agus an taispeánadh chun lucht féachana a chruthú do chomhléirithe. Cuireann Gréasán Pictiúrlann Europa, a fhaigheann maoiniú ón bhfochlár MEDIA, tacaíocht nach beag ar fáil chun scannáin neamhnáisiúnta Eorpacha a chur ar taispeáint. Ach ní mór iarracht níos mó a dhéanamh maidir le comhléirithe chun a áirithiú go ndéantar iad a dháileadh, a thaispeáint, a chur chun cinn go hidirnáisiúnta ar na cainéil agus ardáin dáilte go léir. Go háirithe, is den ríthábhacht an comhar agus comhléirithe á gcur chun cinn chun go n-éireoidh leo go hidirnáisiúnta.

43. Den chuid is mó, is chun ábhar ardchaighdeáin a sholáthar, agus é éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga de, is aidhm do bheartais closamhairc. Is den riachtanas é sin chun lucht féachana a chruthú i gcomhair saothair ardchaighdeáin cheannródaíocha nuálacha chlosamhairc Eorpacha agus chun tacú le hinfheictheacht agus le rochtain an ábhair sin. De réir na Faireachlainne Eorpaí Closamhairc, tá míchothromaíocht nach beag idir líon na scannán Eorpach a eisítear agus an sciar a bhíonn ag na scannáin sin de na hiontrálacha foriomlána ionas nach mór, dá bhrí sin, an ceangal a neartú idir na scannáin féin agus iad siúd a bhfuil siad dírithe orthu.

44. Maidir le dáileadh na saothar closamhairc ar na hardáin dhigiteacha, is den tábhacht a áirithiú go mbeadh ann éiceachóras cothromaithe, agus go n-urramófar an cóipcheart, mar bhealach chun tacú leis an gcruthaitheacht.

45. Is é an cumas croí-lár na hearnála closamhairc Eorpaí. Fágann sin nach ann d'éiceachóras iomaíoch in éagmais na hinfheistíochta i ngairmithe closamhairc na hEorpa, lena n-áirítear oiliúint na ngairmithe sin.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, DE RÉIR A nINNIÚLACHTAÍ FÉIN, AGUS DE RÉIR NA nACMHAINNÍ REATHA, AN MÉID SEO A DHÉANAMH:

46. Tacú a thuilleadh leis an earnáil chlosamhairc agus a marana a dhéanamh ar úsáid a bhaint as cláir thrasearnála chun na críche sin.

47. Leanúint de bhearta a chur chun cinn lena dtabharfar tacaíocht indíreach do chomhléirithe, lena n-áirítear an líonrú idirnáisiúnta, cúrsaí oiliúna do ghairmithe scannánaíochta, forbairt tallainne, ceardlanna sa chomhléiriú, malartú an dea-chleachtais agus gníomhaíochtaí comhair, mar gur féidir le próisis chruthaitheacha comhair tionscnaimh ardchaighdeáin agus rathúla a ghiniúint.

48. A mheasúnú cé acu arbh iomchuí nó nárbh ea bearta sonracha a chur ar bun chun gairmithe óga a spreagadh chun a gcéad tionscnamh a fhorbairt agus a sheoladh, rud a chuirfeadh le forbairt na scannánaíochta Eorpaí.

49. Éascú a dhéanamh ar rochtain an lucht éisteachta ar shaothair chlosamhairc agus ar ábhar closamhairc trí bhíthin bearta lena spreagtar cothú agus dáileadh trasteorann níos leithne, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt chun gur féidir dubáil agus fotheidealú a dhéanamh sa líon is mó dar féidir de theangacha na hEorpa. Áirítear air sin saothair chlosamhairc arna gcomhléiriú ag tíortha nó ag réigiúin nach labhraítear a dteanga ach go neamhfhorleathan, d'fhonn an éagsúlacht theangeolaíoch a chur chun cinn agus, san am céanna, na bacainní a bhaineann le teanga nó le riachtanais speisialta a shárú;

50. Dlús a chur le hiarrachtaí lena n-áirítear go dtugtar tacaíocht agus ugach do chomhléirithe feadh an luachshlabhra iomláin, lena n-áirítear ar an leibhéal trasteorann, agus go mbíonn acu an lucht féachana idirnáisiúnta is mó dar féidir.

51. Leanúint den chomhar maidir le forbairt Eolaire na Scannán Eorpach, rud a roinnfidh tuilleadh den infheictheacht agus den trédhearcacht le comhléirithe Eorpach ar líne.

52. Comhrá struchtúrtha agus cuimsitheach a spreagadh leis an raon is leithne dar féidir de gheallsealbhóirí príobháideacha maidir lena ngealltanas leanúnach a choinneáil ar bun i dtaca le rannchuidiú le héiceachóras na gcomhléirithe agus an chomhlántacht a áirithiú maidir le foinsí maoiniúcháin;

53. Agus cuí-aird á tabhairt ar an gcoimhdeacht, ugach agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thionscnaimh scannánlitearthachta san oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil, agus scileanna cruthaitheacha a thabhairt d'aos óg na hEorpa agus an cumas chun nuála atá iontu a chothú. Bíonn ról bunúsach ag scannánlitearthacht agus sinn ag labhairt leis an aos óg agus deis á tabhairt dóibh oidhreacht scannánaíochta agus éagsúlacht chultúrtha na hEorpa a bhlaiseadh agus a thuiscint.

## IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Gníomhartha reachtacha**

1. Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú, IO L 347, 20.12.2013, lch. 221

2. Rialachán (AE) 2017/1128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteorann seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach, IO L 168, 30.6.2017, lch. 1

3. Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh, IO L 303, 28.11.2018, lch. 69.

**Conclúidí ón gComhairle**

4. Conclúidí ón gComhairle maidir le hoidhreacht scannánaíochta na hEorpa, lena n-áirítear na dúshláin a bhaineann leis an ré dhigiteach,

   IO C 324, 1.12.2010, lch. 1

5. Conclúidí ón gComhairle maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú,

   IO C 457, 19.12.2018, lch. 2

6. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022, IO C 460, 21.12.2018, lch. 12

7. Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 14 Nollaig 2017, EUCO 19/1/17.

**Moltaí ón gComhairle**

8. Cinneadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, IO C 189, 4.6.2018, lch. 1.

**Teachtaireachtaí ón gCoimisiún**

9. *Communication from the Commission on opportunities and challenges for European cinema in the digital era* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le deiseanna agus dúshláin don scannánaíocht Eorpach sa ré dhigiteach], an 24 Meán Fómhair 2010, COM (2010) 487 final

10. *Communication from the Commission on A New European Agenda for Culture* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Eorpach Nua don Chultúr], an 22 Bealtaine 2018, COM (2018) 267 final.

**Coinbhinsiúin idirnáisiúnta**

11. Coinbhinsiún UNESCO 2005 maidir le hÉagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur chun Cinn, 20 Deireadh Fómhair 2005

12. Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Comhléirithe Cineamatagrafaíocha (athbhreithnithe), 30 Eanáir 2017

## IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Staidéir ón bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc**


13. *How do films circulate on VOD services and in cinemas in the European Union? A comparative analysis*, [Cén chaoi a ndéantar scannáin a scaipeadh ar sheirbhísí VOD agus i bpictiúrlanna san Aontas Eorpach? Anailís chomparáideach] Christian Grece, 2016

14. *Film production in Europe. Production volume, co-production and worldwide circulation*, [Léiriú scannán san Eoraip. An méid táirgeachta, comhléiriú agus scaipeadh ar fud an domhain] Julio Talavera Milla, 2017

15. YearBook 2017/2018. *Key trends. Television, cinema, video-on-demand audiovisual services – the pan-European picture*, [Príomhthreochtaí. Teilifís, cineama, seirbhísí closamhairc físeán ar éileamh – an pictiúr uile-Eorpach] Francisco Cabrera, Gilles Fontaine, Christian Grece, Marta Jimenez Pumares, Martin Kanzler, Ismail Rabie, Agnes Schneeberger, Patrizia Simone, Julio Talavera, Sophie Valais, 2018

16. *The legal framework for international co-productions,* [An creat dlíthiúil le haghaidh comhléirithe idirnáisiúnta] Francisco Javier Cabrera Blázquez, Maja Cappello, Enric Enrich, Julio Talavera Milla, Sophie Valais, 2018, IRIS Plus

17. *Fiction film financing in Europe: A sample analysis of films released in 2016*, [Maoiniú scannán ficseanach san Eoraip: Anailís shamplach ar scannáin a eisíodh in 2016] Martin Kanzler, 2018